AN TSRAITH SHINSEARACH

# Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: **Próiseas Ghuth an Scoláire don Athbhreithniú**

## Réasúnaíocht

Tugtar breac-chuntas thíos ar an bpróiseas atá le heolas a fháil ó scoláirí a úsáidfear chun bonn eolais a chur faoin Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach. Ina theannta sin, táthar ag súil go n-úsáidfidh scoileanna an cur chuige ón seisiún tosaigh le 50–60 scoláire mar shamhail a d'fhéadfaí a chur in oiriúint do sheisiúin Ghuth an Scoláire a eagrófar amach anseo do na scoláirí. Má úsáidtear an tsamhail seo, feicfear Guth an Scoláire ag plé le níos mó ná sampla beag ionadaíochta de na scoláirí. Beidh freagraí na scoláirí ón seisiún tosaigh ar fáil don scoil lena n-úsáid chun bonn eolais a chur faoina hobair forbartha amach anseo i ngníomhaíochtaí Ghuth an Scoláire agus sa tsraith shinsearach go ginearálta.

## An Próiseas

Sa nós imeachta le haghaidh phróiseas Ghuth an Scoláire san Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach, éilítear ar gach meantóir i dteannta comhalta foirne amháin eile ó CNCM cuairt a thabhairt ar gach Scoil Líonra ar feadh lá amháin. I rith na cuairte sin, oibreoidh foireann CNCM le 50–60 scoláire (a mbeidh deichniúr ón dara agus tríú bliain ina measc) ar feadh thart ar uair go leith. Beidh an Seisiún Tosaigh sin ina réamhchleachtadh do na scoláirí a bheidh páirteach i dtrí phlé ar leith i bhFócasghrúpa. Mairfidh gach plé i bhFócasghrúpa uair an chloig.

Nuair a roghnaítear an 50–60 scoláire a bheidh páirteach sa Seisiún Tosaigh, cinnteoidh an scoil go bhfuil an grúpa:

- Measctha ó thaobh cumais de .i. scoláirí i mbun ábhar ar an ngnáthleibhéal agus ar an ardleibhéal
- Ag plé le réimse cláir staidéir m.sh. an Idirbhliain, an Ardteistiméireacht Fheidhmeach, Gairmchlár na hArdteistiméireachta, agus an Ardteistiméireacht Bhunaithe
- Ionadaíoch ar dhaonra sóisialta/eitneach na scoile
- Measctha ó thaobh scoláirí atá i mbun ábhair acadúla agus gairmábhar (nuair is infheidhme)

- Cothrom ó thaobh inscne de (nuair is infheidhme)
- Uileghabhálach ó thaobh scoláirí a bhfuil réimse riachtanais oideachais speisialta acu

Beidh na critéir chéanna i bhfeidhm ar an deichniúr scoláirí ón tSraith Shóisearach a roghnófar le páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht tosaigh.

Tabharfaidh an scoil bileoga eolais agus foirmeacha toilithe do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus scoláirí roimh an lá. Caithfidh gach scoláire foirm toilithe a chomhlánú chun tabhairt faoin seisiún tosaigh agus gníomhaíocht an Fhócasghrúpa. Inseoidh an scoil freisin do scoláirí go roghnófar grúpa randamach 30 scoláire chun páirt a ghlacadh i bplé leantach níos deireanaí an lá céanna.

## Socruithe Praiticiúla don Ghníomhaíocht Tosaigh

- Roimh chuairt CNCM, roghnóidh an scoil áit inar féidir labhairt le 50/60 scoláire i bplé grúpa.
- Cinnteoidh an scoil, roimh an seisiún, go bhfuil cathaoireacha agus boird sa seomra chun gur féidir an 50/60 scoláire a chur ina suí go compordach i ngrúpaí de chúigear nó seisear. Beidh balla ag teastáil freisin ar a mbeidh na scoláirí in ann a nótaí a chur i ndiaidh an tseisiúin plé.
- Cuirfidh foireann CNCM ábhar ar fáil don ghníomhaíocht – pinn/marcóirí, nótaí Post-it, bileoga ceisteanna/leideanna do phlé grúpa agus póstaeir bhalla chun freagraí Post-it na scoláirí a chur i dtoll a chéile.
- Beidh beirt nó triúr ag teastáil ó fhoireann na scoile le linn na gníomhaíochta freisin chun tacú leis an bplé a eagrú.
- Beidh réamhrá ginearálta (15 nóiméad) sa Seisiún Tosaigh 90 nóiméad.
    - míniú ar chuspóir an tseisiúin (sleamhnáin)
    - luach Ghuth an Scoláire (sleamhnáin Ghuth an Scoláire)
    - rialacha an tseisiúin

AN TSRAITH SHINSEARACH

# Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: **Próiseas Ghuth an Scoláire don Athbhreithniú**

## Seisiún Tosaigh – Plé Grúpa

Léifidh éascaitheoir CNCM an chéad cheist agus na leideanna lena mbaineann (feic Bileog Ceisteanna Ghuth an Scoláire) Cuirfear tús leis an bplé bunaithe ar na leideanna sin. Oibreoidh gach grúpa i mbeirt nó triúr.

Tabharfaidh éascaitheoir CNCM le fios nuair atá dhá nóiméad fágtha don phlé deich nóiméad do gach ceist. Ag deireadh na ndeich nóiméad, scríobhfaidh gach grúpa na pointí a d'aontaigh siad ar na nótaí Post-it a thabharfar dóibh. Cuirfidh duine díobh an nóta faoin gceist ábhartha ar an mballa.

Leanfar den phróiseas le haghaidh Cheist 2 agus Cheist 3.

## Seisiún Achoimre an Ghrúpa Iomláin (15 nóiméad)

Éascófar an seisiún deiridh mar phlé leis an ngrúpa iomlán. Tabharfaidh foireann CNCM achoimre ar na príomhphointí a tharraing na grúpaí anuas ón réimse nótaí ar an mballa. Iarrfar ar na scoláirí machnamh a dhéanamh ar an aiseolas sin, agus smaoineamh faoi rud ar bith a chuir iontach orthu. Beidh deis ag na scoláirí aon phointí breise a chur in iúl nó ceisteanna a iarraidh.

Déarfar leis na scoláirí go n-úsáidfidh foireann na scoile a nótaí aiseolais chun bonn eolais a chur faoi smaointeoireacht eile ar fhorbairtí na Sraithe Sinsearaí/Ghuth an Scoláire.

Ansin roghnóidh foireann CNCM 20 Scoláire ón tSraith Shinsearach agus deichniúr Scoláirí ón tSraith Shóisearach go randamach chun páirt a ghlacadh sna Seisiúin Fócasghrúpa. Tabharfar nóta do gach duine ón bhFócasghrúpa le tabhairt dá múinteoir a léireoidh go bhfuil cead acu páirt a ghlacadh san Fhócasghrúpa, chomh maith le ham agus ionad an phlé.

AN TSRAITH SHINSEARACH

# Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: **Próiseas Ghuth an Scoláire don Athbhreithniú**

## Plé an Fhócasghrúpa

Ba cheart don scoil seomra ciúin a chur ar fáil don Fhócasghrúpa, ina mbeidh bord ar féidir le gach duine suí timpeall air. Déanfar clostaifeadadh ar gach plé Fócasghrúpa agus glacfaidh duine d'fhoireann CNCM nótaí. Seolfar nóta achoimre ó na seisiúin Fócasghrúpa ar fad chuig an ESRI chun anailís a dhéanamh orthu.

Mairfidh plé an Fhócasghrúpa 50 nóiméad agus úsáidfear na ceisteanna sna hAguisíní ann. Beidh na chéad trí cheist pléite sa Seisiún Tosaigh cheana féin, ach tabharfaidh seisiún an Fhócasghrúpa deis plé níos doimhne a dhéanamh ar na deiseanna agus dúshláin a tarraingíodh anuas. Beidh gá cloí go daingean leis an sceideal chun gach ceist a phlé. Déanfar réamhrá sna chéad chúig nóiméad de na seisiúin agus leagfar amach cuspóir an Fhócasghrúpa. Cuirfear i gcuimhne do na scoláirí freisin chomh tábhachtach agus atá Guth an Scoláire san Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach.